

Déardaoin 23. Meitheamh 2022

P9_TA(2022)0256

Slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú: iarratas EGF/2021/008 EL/Attica electrical equipment manufacturing – an Ghréig

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Meitheamh 2022 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh tar éis iarratas ón nGréig – EGF/2021/008 EL/Attica electrical equipment manufacturing (COM(2022)0248 – C9-0190/2022 – 2022/0170(BUD))

(2023/C 32/20)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0248 – C9-0190/2022),
 - ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) d'Oibrithe Iomarcacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ⁽¹⁾ ("Rialachán CED"),
 - ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 ⁽²⁾ ("Rialachán CAI"), agus go háirithe Airteagal 8 de,
 - ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ⁽³⁾, agus go háirithe pointe 9 de,
 - ag féachaint do na litreacha ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0185/2022),
- A. de bhrí gur bhunaigh an tAontas ionstraimí reachtacha agus buiséadacha chun tacaíocht bhreise a sholáthar d'oibrithe a bhfuil an domhandú agus athruithe teicneolaíochta agus comhshaoil tar éis dífeall a dhéanamh dóibh, amhail athruithe ar phatrúin trádála domhanda, díospóidí trádála, athruithe suntasacha ar chaidreamh trádála an Aontais nó comhdhéanamh an mhargaidh inmheánaigh agus géarchéimeanna airgeadais nó eacnamaíocha, agus an t-aistriú ionsar gheilleagar íslecharbóin, nó mar thoradh ar dhigitiú nó uathoibriú;
- B. de bhrí gur leathnaigh an tAontas raon feidhme an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) chun tacaíocht airgeadais a sholáthar i gcás aon mhórtheagmhas athstruchtúraithe, agus lena gcumhdaítear, ar an gcaoi sin, éifeachtaí eacnamaíocha ghéarchéim an choróinviris;
- C. de bhrí gur thíolaic an Ghréig iarratas EGF/2021/008 EL/Attica electrical equipment manufacturing ar ranníocaíocht airgeadais ó CED, tar éis do 206 oibrí a bheith curtha ar iomarcaíocht san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi NACE Athbhreithniú 2 rannán 27 (Monarú trealamh leighis) in Ataic (EL30) na Gréige, réigiún atá ar leibhéal 2 NUTS, laistigh de thréimhse thagartha don iarratas ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2021;
- D. de bhrí go mbaineann an t-iarratas le 206 oibrí iomarcacha a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíochtaí i sé chuideachta ⁽⁴⁾ le linn na tréimhse thagartha, agus a measfar iad go léir a bheith ina dtairbhíthe incháilithe; de bhrí gur fir iad 180 de na hoibrithe iomarcacha (87,4 %) agus gur mná iad 26 díobh; de bhrí go bhfuil 26 de na hoibrithe iomarcacha faoi bhun 30 (12,6 %), 137 díobh idir 30 agus 54 bliana d'aois (66,5 %) agus 43 os cionn 54 (20,9 %); de bhrí go bhfuil oideachas meánscoile íochtaraí nó níos lú (81,1 %) ag 167 de na hoibrithe iomarcacha, go bhfuil oideachas meánscoile uachtaraí nó iar-mheánscoile ag 6 (2,9 %) díobh agus go bhfuil oideachas tríú leibhéal (16,0 %) ag 33 díobh;

⁽¹⁾ IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

⁽²⁾ IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.

⁽³⁾ IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

⁽⁴⁾ Bsh Oikiakes Syskeves Anon. Viom. Etairia [Bsh-Pitsos], Seller Hellas Avee, Nexans Hellas Monoprosopi Avee, Kampourakis Georgios – G.E.M.A., Sammler V. Michalopoulos Avee, Mavilek Avee

Déardaoin 23. Meitheamh 2022

- E. de bhrí go bhfuil an t-iarratas bunaithe ar na critéir idirghabhála in Airteagal 4(2), pointe (b), de Rialachán CED, faoina gceanglaítear scor gníomhaíochta de 200 oibrí iomarcach ar a laghad le linn tréimhse thagartha 6 mhí i bhfiontair atá ag oibriú san earnáil eacnamaíoch chéanna arna sainiú ag rannán NACE Athbhreithniú 2 agus atá lonnaithe i réigiún amháin nó dhá réigiún theorantacha arna sainiú ar leibhéal NUTS 2 i mBallstát;
- F. de bhrí go raibh tionchar mór ar dtús ag an ngéarchéim eacnamaíoch sna blianta ó 2008 go 2016 ar an gcaiteachas d'fhearis nua tí sa Ghréig (laghdú 35 %) agus ag paindéim COVID-19 ar an dara dul síos (laghdú 50 % idir 2019 agus 2020), tar éis téarnamh 9,5 % idir 2017 agus 2019;
- G. de bhrí go bhfuil bunscléanna digiteacha dhaonra na Gréige fós tearcchorbartha agus go bhfuil siad chun deiridh ar mheán an Aontais, rud a fhágann go bhfuil riosca ard ann go mbeidh titim ar gcúl ann i dtaobh teicneolaíochta agus go mbeidh neamhlitearthacht dhigiteach ann. de bhrí, de réir Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI) 2021 ón gCoimisiún⁽⁵⁾, go raibh an Ghréig ar an 22ú ceann de 27 mBallstát AE maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí gnó agus nach bhfuil ach 23 % de dhaoine aonair a bhfuil níos mó ná bunscléanna digiteacha acu, i gcomparáid le meán AE de 31 %;
- H. de bhrí, sa chomhthéacs sin, go gcailltear iomaíochas ghléasra táirgthe Pitsos mar gheall ar mheascán tosca, amhail easpa uathoibrithe agus ardmhonaraíochta, na costais arda táirgthe a bhaineann le fearais leictreacha tí, ganntanas i soláthar intíre comhpháirteanna leictreacha, cinneadh bainistíochta an BSH-Pitsos gan tacú leis na hinfheistíochtaí caipitil is gá chun saoráid táirgthe an ghléasra a bharrfheabhsú agus an cinneadh chun táirgeadh a bhogadh go dtí an Tuirc le haghaidh costais táirgthe níos ísle (cé gur dúnadh an branda, an roinn díolacháin agus an roinn seirbhíse sa Ghréig) mar thoradh ar an bpróiseas táirgthe i mí Mheán Fómhair 2017; de bhrí gur cuireadh síneadh leis an táirgeadh go dtí tús 2021, agus gur dífhostaíodh 166 oibrí in 2021;
- I. de bhrí gur dífhostaíodh 40 oibrí i gcúig fhiontar eile, a raibh orthu dul i ngleic leis na dúshláin a bhain le dul in oiriúint don gheilleagar digiteach atá ag athrú go tapa;
- J. de bhrí, cé go bhfuil an ráta dífhostaíochta sa Ghréig ag laghdú de réir a chéile ó bhí 2013 ann, tráth a shroich sí an buaic is airde 27,5 %, rátaí dífhostaíochta an-ard fós ag an nGréig; de bhrí, in 2021, go raibh an ráta dífhostaíochta sa Ghréig ar an dara ráta ab airde san Aontas ag 14,7 %, i gcomparáid le meán an Aontais ag 7,0 %⁽⁶⁾;
- K. de bhrí nach sáróidh CED uasmhéid bliantúil de EUR 186 mhilliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán CAI;
- L. de bhrí gur cheart na ranníocaíochtaí airgeadais ó CED a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair agus ar sheirbhísí pearsantaithe arb é is aidhm leo tairbhíthe a athimeascadh go mear i bhfostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe laistigh nó lasmuigh den chéad earnáil ina raibh siad gníomhach, agus iad a ullmhú do gheilleagar Eorpach níos glaise agus níos digití;
1. ag aontú leis an gCoimisiún gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 4(2) de Rialachán CED agus go bhfuil an Ghréig i dteideal ranníocaíocht airgeadais EUR 1 495 830 faoin Rialachán sin, arb ionann é agus 85 % de chostas iomlán EUR 1 759 800, a chuimsíonn caiteachas EUR 1 689 800 ar sheirbhísí pearsantaithe agus caiteachas EUR 70 000 as CED a chur chun feidhme⁽⁷⁾;
 2. ag tabhairt dá haire gur chuir údaráis na Gréige an t-iarratas isteach an 21 Nollaig 2021, agus gur thug an Coimisiún a mheasúnú chun críche an 30 Bealtaine 2022 agus gur thug sé fógra do Pharlaimint na hEorpa faoi an lá céanna; á mheas gur cheart an tréimhse mheasúnaithe a laghdú ionas go bhfaighidh na tairbhíthe a ndírítear orthu an chabhair is gá le níos lú moille;
 3. ag tabhairt dá haire go mbaineann an t-iarratas le 206 oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht agus a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Ghréig ag dréim leis go nglacfaidh na tairbhíthe incháilithe go léir páirt sna bearta ("tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu");

⁽⁵⁾ <https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/desi-greece>

⁽⁶⁾ <https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/tps00203/default/table?lang=ga>

⁽⁷⁾ I gcomhréir leis an gcúigiú mír d'Airteagal 7 de Rialachán CED.

Déardaoin 23. Meitheamh 2022

4. á mheabhrú go meastar go mbeidh tionchar sóisialta suntasach ag na hiomarcaíochtaí do réigiún Ataic na Gréige, a raibh an líon is mó daoine dífhostaithe sa Ghréig ann i mí na Nollag 2021 (342 744, arb ionann iad agus 31 % de na daoine atá dífhostaithe sa Ghréig), agus ina bhfuil 24,1 % den daonra i mbaol na bochtaineachta agus an eisiata shóisialta ⁽⁸⁾;
5. á thabhairt le fios go bhfuil oideachas meánscoile íochtarai nó níos lú ag 81,1 % de na hoibrithe a dífhostaíodh agus go mbeidh deacrachtaí acu deiseanna athfhostaíochta a aimsiú;
6. á thabhairt dá haire go dtosóidh an Ghréig ar sheirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu a luaite a ghlacfaidh na húdaráis bhuiséadacha an cinneadh maidir le slógadh agus, dá bhrí sin, go mbeidh an caiteachas ar na bearta incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón dáta a thosóidh an Ghréig ar na seirbhísí pearsantaithe a sholáthar go dtí 24 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoiniúcháin i bhfeidhm ⁽⁹⁾;
7. á mheabhrú gurb iad na gníomhaíochtaí seo a leanas atá sna seirbhísí pearsantaithe atá le soláthar d'oibrithe: comhairleoireacht ghairmiúil, oiliúint i scileanna digiteacha, gairmoiliúint agus gairmoideachas, ardoideachas, ranníocaíocht le gnólaíochtaí nuathionscanta, agus liúntais éagsúla;
8. á athdhearbhú, sa chomhthéacs sin, gur cheart ról tábhachtach a bheith ag an Aontas maidir leis na cáilíochtaí is gá a chur ar fáil don aistriú cóir i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip; ag tacú go láidir le CED in 2021-2027 agus, le linn na tréimhse sin, go leanfaidh sé de dhlúthpháirtíocht a léiriú le daoine a ndearnadh difear dóibh agus go gcoinneoidh sé an fócas ar an tionchar atá ag athstruchtúrú ar oibrithe agus á iarraidh go ndéanfar comhleanúnachas beartais a uasmhéadú sna hiarratais a dhéanfar sa todhchaí;
9. á chur in iúl gur geal léi gur dhréachtaigh an Ghréig an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle le hionadaithe oibrithe agus le roinnt iarfhostaithe;
10. á chur in iúl gur geal léi gur áiríodh oiliúint i scileanna digiteacha mar ghné chothrománach i ndearadh na ngníomhaíochtaí beartaithe, a chuirfidh le scaipeadh na scileanna cothrománacha atá ag teastáil sa ré dhigiteach agus i ngeilleagar atá tiosach ar acmhainní, i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Rialachán maidir le CED;
11. ag tabhairt dá haire gur thosaigh an Ghréig ar chaiteachas a thabhu chun CED a chur chun feidhme an 1 Márta 2022, agus go mbeidh an caiteachas ar gníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe incháilithe dá bhrí sin le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Márta 2022 go ceann 31 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an chinneadh maoiniúcháin;
12. á iarraidh ar an gCoimisiún go laghdófaí an t-am is gá chun measúnú a dhéanamh ar iarrataí ar chúnamh CED agus chun CED a shlógadh ar bhealach níos gasta, chun an brú ar chórais náisiúnta slándála sóisialta na réigiúin a bhí buailte a laghdú;
13. á chur i bhfáth go bhfuil sé deimhnithe ag údaráis na Gréige nach bhfaigheann na gníomhaíochtaí incháilithe cúnamh ó chistí ná ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais;
14. á athdhearbhú, chun breisiócht iomlán a áirithiú maidir leis an leithdháileadh, nár cheart cúnamh ó CED a chur in ionad gníomhaíochtaí ná aon liúntas nó cearta de chuid na n-oibrithe iomarcacha a bhfuil freagracht ar chuideachtaí, de bhua an dlí náisiúnta nó comhaontuithe comhchoiteanna ina leith, chomh maith le gníomhaíochtaí a éilítear ó na Ballstáit chun iomaíochas cuideachtaí, go háirithe FBManna, a fheabhsú agus a gcumas chun oiriúnú don gheilleagar digiteach atá ag athrú go tapa, gníomhaíochtaí chun scileanna digiteacha oibrithe a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le titim ar gcúl ó thaobh na teicneolaíochta agus le neamhlitearthacht dhigiteach, bearta chun cumhacht cheannaigh an daonra a fheabhsú, mar aon le tuilleadh spriocdhírith ar bheartais ghníomhacha fostaíochta chun an dífhostaíocht a chomhrac agus chun go n-éascófaí ath-imeascadh oibrithe iomarcacha i margadh an tsaothair;
15. ag formheas an chinneadh a ghabhann leis an rún seo;

⁽⁸⁾ De réir Eurostat.

⁽⁹⁾ Cé is moite de staidéir fhoirmiúla a mhaireann níos faide ná dhá bhliain, a bheidh incháilithe go dtí an spriocdháta chun an tuarascáil deiridh a chur isteach.

Déardaoin 23. Meitheamh 2022

16. á iarraidh go n-eiseofaí ranníocaíocht airgeadais CED EUR 1 495 830 go pras leis an nGréig;
 17. á threorú dá hUachtarán an cinneadh a shíniú in éineacht le hUachtarán na Comhairle agus socrú a dhéanamh dá fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;
 18. á threorú dá hUachtarán an rún seo, mar aon leis an iarscríbhinn a ghabhann leis, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.
-

Déardaoin 23. Meitheamh 2022

IARSCRÍBHINN

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh tar éis iarratas ón nGréig – EGF/2021/008 EL/Attica electrical equipment manufacturing

(Ní dhéantar téacs na hiarscríbhíne seo a atáirgeadh anseo ós rud é go gcomhfhreagraíonn sé leis an ngníomh críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2022/1163.)
